

Cruinniú an Ghrúpa Chomhairligh
Daonáirimh

Dé Máirt 12 Nollaig 2017, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Sórd, 10am

I láthair

Richie McMahon,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Deirdre Cullen,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Cormac Halpin,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Dermot Corcoran,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Kathleen Hanney,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Eileen Murphy,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Brendan Murphy,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Declan Smyth,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Aideen Sheehan,	An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt
Bríd Ní Chonghaile,	An Roinn Cultúir Oidhreachta, & Gaeltachta
Nicola Tickner,	An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige
Diarmuid Reidy,	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Alan Cahill,	An Roinn Sláinte
George Hussey,	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Cormac Nolan,	An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta
Sarah O'Halloran,	An Roinn. Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Martina Shaughnessy,	Roinn an Taoisigh
Barry Colleary,	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
An Dr. Conor O'Toole,	Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta
Laurence Bond,	Coimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais
David Howard,	Cónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann
An Dr. Grainne Collins,	Údarás Míchumais Náisiúnta
An Clr. Damien Geoghegan,	Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann
Sandy Fitzpatrick,	Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (NISRA)
Marcella Joyce,	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Sinéad McGarvey,	An Phríomh-Oifig Staidrimh

Leithscéalta

Rob Kitchin,	AIRO (ONÉ Mhaigh Nua)
Peter Rigney,	Comhdháil na gCeardchuman
Una Ní Dhubhghaill,	Oifig um Chur chun cinn Comhtháthú Imirceach
John Manning,	Pobal
Jasmina Behan,	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Fáilte/Forbhreathnú

Chuir Richie McMahon fáilte roimh gach duine thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh agus ghabh buíochas leo as am a thógáil chun a bheith i láthair. Thug Ritchie gearrchuntas ar chúlra an Daonáirimh agus conas mar a oibríonn an comhairliúchán agus babhta píolótach an daonáirimh le chéile mar phróiseas. De bhreis air seo rinne sé cur síos ar na srianta ó thaobh rialúcháin agus spáis de a théann i bhfeidhm ar an bhfoirm Dhaonáirimh agus chuir sé in iúl nach n-oireann an Daonáireamh do gach ábhar. Labhair Deirdre Cullen faoin daonáireamh atá romhainn go ginearálta. Ansin thug sí le tuiscint gurbh fhearr leis an bPríomh-Oifig Staidrimh cloí leis an bhformáid 3 leathanaigh, 6 duine. Lena chois sin labhair Deirdre faoi na dúshláin atá roimh Dhaonáireamh 2021 agus threisigh sí gur pointe san am é an Daonáireamh. Lena chois sin dhírigh sí aird ar an brú idir inchomparáideacht sonraí thar am a choinneáil in aghaidh ceist a thabhairt cothrom le dáta.

Ceisteanna Tithíochta H1 - H11

H1 (Cineál Cóiríochta)

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhféadfaí an cheist seo a fhágáil ar lár ar mhaithe le spás agus go bhféadfadh an t-áiritheoir an fhaisnéis a ghabháil sa réimse trí bhreathnú. Chomhaontaíodh leis an seasamh seo go ginearálta.

Beart: Chuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an moladh seo chun cinn agus leanfaidh sí ar aghaidh gan an cheist seo a chur sa bhabhta píolótach

H2 (Bliain inár tógadh)

Bailíodh an fhaisnéis seo de ghnáth chun críocha cuntas náisiúnta laistigh den bPríomh-Oifig Staidrimh. Is riachtanas maidir le rialúcháin AE é, leis. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhféadfaí an fhaisnéis seo a ghabháil ó shonraí Daonáirimh 2016 atá againn cheana féin, sonraí riaracháin agus sonraí logeolaire ar áiteanna cónaithe nua. Caithfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcur chuige seo ach d'fhéadfadh gur féidir an cheist a fhágáil ar lár in 2021. Bhí plé ann agus ardaíodh roinnt mioncheisteanna ach ar an iomlán comhaontaíodh go mbeadh sé ceart go leor é a fhágáil ar lár. Moladh ó ionadaí na Roinne Tithíochta go bhféadfaí an Córas Bainistithe um Rialú Foirgnimh a scrúdú leis, le ceadanna.

Bearta: Scrúdóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an moladh seo agus leanfaidh sí ar aghaidh gan an cheist seo a chur sa bhabhta píolótach

H3, H4 (Cineál Seilbhe)

Tar éis aighneachtaí a bheith déanta inar iarradh faisnéis mhorgáiste a chur san áireamh rinneadh plé faoi faisnéis mhorgáiste a chur san áireamh agus na dúshláin a ghabhann leis seo, go háirithe maidir leis an bhfigiúr ar chóir a chur isteach agus conas a dhéanfaí seo a chur in iúl. Bhíothas den tuairim go ginearálta gur fhaisnéis luachmhar a bheadh inti, áfach. Pléadh cén fhoinsí malartacha a bheadh ar fáil, b'fhéidir, go háirithe an Banc Ceannais. Pléadh an aighneacht maidir le tionónta a chur san áireamh leis an gceist faoi ghaol (Q5) mar rud a d'fhéadfaí a dhéanamh. Díríodh aird air go bhféadfadh trasnail a bheith idir stádais ghaoil mar thoradh air seo (m.sh. nia agus tionónta). Mar sin d'fhéadfadh go mbeadh gá le catagóirí nua, is é sin tionónta gaolmhar agus tionónta neamhghaolmhar.

Beart: Iniúchfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh conas is féidir sonraí morgáiste a fhoinsiú ó fhoinsí riaracháin agus féachaint ar tionónta a chur san áireamh mar chatagóir sa cheist faoi ghaol.

H5 (Seomraí)

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhféadfaí líon na seomraí leapa a chur san áireamh agus líon na seomraí a fhágáil ar lár. D'fhéadfaí líon na seomraí leapa a úsáid mar athróg ionadach i gcomhair leibhéil phlódaithe in áiteanna cónaithe. Pléadh an cheist conas a shainmhíneofaí seomra leapa agus úsáid limistéir chónaithe mar sheomraí leapa.

Beart: Beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ag féachaint ar thástáil a dhéanamh ar líon na seomraí leapa a chur san áireamh sa bhabhta píolótach agus beidh sí ag dul i dteagmháil le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Pobal chun an cheist a fhorbairt.

H6 (Téamh Lárnach)

Áiríodh fuinneamh inathnuaite, córais téimh fhorlíontacha agus insliú ar na haighneachtaí a fuarthas sa réimse seo. Rinneadh plé mionsonraithe ar na hábhair seo. Rinneadh moladh líon roinnt catagóirí a laghdú. Comhaontaíodh áfach, gur deacair freastal ar na haighneachtaí. Dúirt an t-ionadaí ón Roinn Tithíochta go mb'fhéidir go mbeadh taifid ar fáil trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tacaíodh go láidir leis an gceist ó Rannóg Staitisticí Comhshaoil na Príomh-Oifige Staidrimh a choinneáil.

Beart: Pléifidh an Phríomh-Oifig Staidrimh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an fhéidearthacht catagóirí a fhilleadh chun é a thástáil sa bhabhta píolótach.

H7, H8 (Uisce & séarachas)

Bhí an Phríomh-Oifig Staidrimh ag cuimhneamh ar na ceistanna seo a fhágáil ar lár ach baineann Uisce Éireann a lán úsáide as na torthaí. Tacaíonn Rannóg Staitisticí Comhshaoil na Príomh-Oifige Staidrimh le n-iad a choinneáil, leis. Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag féachaint ar an fhoclaíocht a shimpliú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na catagóirí.

Beart: Tástálfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh anfhoclaíocht nua sa bhabhta píolótach.

H9 (Gluaisteáin)

Chun spás a shábháil tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag cuimhneamh ar an cheist seo a athrú chun gur féidir an fhreagra a scríobh isteach. Pléadh an t-ábhar. Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair go mór leis an gceist seo agus chomhaontaigh siad leis an rogha scríobh-isteach a thástáil.

Beart: Úsáid a bhaint as an mbabhta píolótach chun an rogha chun scríobh isteach a thástáil.

H10, H11 (Ríomhaire/Idirlíon)

Bhí roinnt aighneachtaí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le húsáid idirlín agus rochtain air agus aithníodh go ginearálta go bhfuil na ceistanna reatha as dáta agus go gcaithfear féachaint orthu. Glacadh leis gurb é rochtain ar leathanbhanda seachas an gléas atá tábhachtach, mar aon le cáilíocht an leathanbhanda agus conas mar a bhaineann daoine úsáid as an idirlíon. Soláthraíonn an suirbhé TFC de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh faisnéis mhaith ar an réimse agus comhaontaíodh go bhféadfaí

na ceisteanna a úsáideadh sa suirbhé seo a ghíaráil don Daonáireamh. B'fhéidir gur deacair an cheist faoi úsáid idirlín a chur san áireamh sa chuid den bhfoirm ina bhfuil na ceisteanna teaghlaigh.

Beart: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh athbhreithniú ar na ceisteanna nuair a fhéachfaidh sí ar an suirbhé TFC.

Chinn an Phríomh-Oifig Staidrimh go mb'fhéidir nach bhfuil aon ghá le foghrúpa tithíochta a thionól mar d'fhéadfadh an Phríomh-Oifig Staidrimh formhór na gceisteanna a ardaíodh a fhorbairt go himheánach nó trí theagmháil dhéthaobhach le heagraíochtaí eile sula gcuirfear faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh arís iad.

Ceisteanna aonair 1-35

1 (Ainm)

Fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh aighneacht boscaí ar leith a chur ar fáil don gcéadainm, sloinne srl. D'fheabhsódh sé seo aithint charachtair i bpróiseáil daonáirimh.

Beart: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tástáil air sin a chur san áireamh sa bhabhta píolótach más tá spás ann.

3 (Dáta Breithe)

Fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh aighneacht inmheánach bosca scríobh-isteach a chur ar fáil i gcomhair aoise agus dáta breithe. Bheadh seo áisiúil mar theipeann ar chion na sealbhóirí tí a ndátaí breithe iomlána a thabhairt, rud a fhágann go bhfuil ar an bPríomh-Oifig Staidrimh an luach a líonadh isteach go barúlach le linn próiseála. Chabhródh luach aoise linn cruinneas an tsonra seo a fheabhsú.

Beart: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tástáil air sin a chur san áireamh sa bhabhta píolótach más tá spás ann.

4 (Gaoil)

Riachtanas AE faoi rialúchán is ea an cheist seo. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh catagóirí nach n-úsáidtear go minic (m. sh. seanthuismitheoirí, cliamhán/banchliamhán,) a fhágáil ar lár chun an aighneacht a iarrann tionónta mar stádas gaoil a chur san áireamh. Míneofar an cheist dá ndearnadh tagairt roimhe maidir le tionóntaí gaolmhara/neamhghaolmhara.

Beart: Scrúdóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an féidir oiriúnú a dhéanamh de réir na moltaí thuas maidir leis an mbabhta Píolótach.

5 (Stádas pósta)

Rinneadh roinnt plé faoin gceist maidir le Catagóir 4 (páirtnéireacht shibhialta chomhghnéis) a

choinneáil i bhfianaise an reifrinn phósta. Mheas an grúpa gur chuí é a choinneáil toisc gur stádas pósta dlíthiúil páirtneireacht shibhialta chomhghnéis i gcónaí.

Beart: Coinneofar catagóir 4 (páirtneireacht shibhialta chomhghnéis) sa cheist i gcomhair Daonáireamh 2021.

6 (Áit Breithe)

Rinneadh plé áirithe faoin seans nach n-éileofaí an tír bhreithe agus gur leor tír. Éilíonn an rialúchán AE an tír bhreithe agus lorgaítear an náisiúntacht leis, ar an bhfoirm Dhaonáirimh. Moladh go mb'fhéidir go mbeadh tuairim ag Edgar Morgenroth (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) ar an tairbhe a bheadh ag gabháil leis an riachtanas an contae bhreithe a thabhairt a choinneáil chun bonn eolas a sholáthar do thaighde ar phátrúin imirce inmheánacha. Mheas cuid den ngrúpa go mbeadh nasc ag an bpobal leis an gcontae bhreithe agus gur chóir í a choinneáil mar chuid d'fhoireann sonraí an Daonáirimh.

Beart: Pléifidh an Phríomh-Oifig Staidrimh é seo go déthaobhach le Edgar Morgenroth (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta).

7/8/9 (Gnáthchónaí)

Daonáireamh de facto is ea Éire. Déantar daonáirimh eile (RA agus Tuaisceart Éireann san áireamh) ar bhonn gnáthchónaithe. Ní maith leis an bPríomh-Oifig Staidrimh an bonn seo a athrú mar is maith a thuigeann pobal na hÉireann tréith de facto agus an tábhacht atá le hOíche an Daonáirimh. Dá mbainfí triail as an Daonáireamh a athrú go bonn gnáthchónaithe bheadh baol go dtruaileofaí na sonraí agus go laghdófaí an cháilíocht. Mhínigh an Phríomh-Oifig Staidrimh go dtáirgeann sí sonraí ar bhonn gnáthchónaithe agus i láthair ag úsáid sonraí daoine atá as láthair agus tá sí ag féachaint ar shlí chun áireamh gnáthchónaithe iomlán a tháirgeadh trí sonraí a ghabháil sa réimse. Rinneadh beagán plé ar mionathrú a dhéanamh ar cheisteanna 7-9 i bhfianaise aighneachtaí inmheánacha a fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ó Réimse na Staitisticí Déimeagrafacha. Scrúdóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh é seo agus cuirfidh sí faoi bhráid an ghrúpa arís é mar aon le moltaí.

Beart: Déanfaidh an Phríomh-Oifig an fiúntas a bheadh le foclaíocht nua a chur ar na ceisteanna faoi ghnáthchónaí a mheas agus cuirfidh sí faoi bhráid an ghrúpa arís é.

10 (Náisiúntacht)

Mar thoradh ar aighneacht ó réimse na Staitisticí Déimeagrafacha den bPríomh-Oifig Staidrimh saoránacht seachas náisiúntacht a chur isteach rinneadh plé ar cé acu an iarrfaí an dá cheann nó nach n-iarrfaí. Bheadh saoránacht seachas náisiúntacht a iarradh ag teacht leis an Suirbhé ar Lucht Saothair agus is fearr a chomhlíonfadh sé riachtanais na rialúchán AE. Dúirt an Phríomh-Oifig Staidrimh nach dócha go mbeadh slí ar an bhfoirm don dá cheann. Lean plé fairsing ar na buntáistí/míbhuntáistí a bhainfeadh le saoránacht in aghaidh náisiúntachta. Moladh go bhféadfaí nóta míniúcháin a chur isteach mar d'fhéadfadh go bhfuil daoine áirithe ann nach bhfuil cinnte cad is saoránacht ann nó go bhféadfaí féachaint ar an gcur chuige a ghlactar sa R.A. chun é sin a chuimsiú.

Faoi dheireadh thiar bhí roinnt rannchuiditheoirí den tuairim céanna gur chóir cloí le náisiúntacht seachas saoránacht mar is maith a thuigtear é mar choincheap agus soláthraíonn sé sonraí seasmhacha láidre.

Beart: Féachfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar chur chuige a ghactar in áiteanna eile. B'fhéidir gur féidir náisiúntacht agus saoránacht araon a thástáil sa bhabhta píolótach.

11 (Eitneacht)

Rinneadh an iliomad aighneacht ar an ábhar seo agus mhol roinnt daoine gur gá Romach a chur isteach mar rogha ticbhosca. Thacaigh roinnt ball den ngrúpa go láidir leis seo. Pléadh an t-ábhar ar feadh tamaill ach faoi dheireadh thiar cinneadh gur chóir go dtiocfadh foghrúpa saineolaithe na réimse le chéile d'fhonn ceist athbhreithnithe a chur le chéile. Iarradh ar bhaill an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh a bheith rannpháirteach sa bhfoghrúpa, é sin, nó ionadaí óna n-eagraíocht a ainmniú chuig an gcruinniú i mí Eanáir.

Beart: Beidh cruinniú ag an bhfoghrúpa i mí Eanáir chun cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ceist athbhreithnithe a chur le chéile chun í seo a thástáil sa bhabhta Píolótach. Iarrfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar eagraíochtaí atá gan ionadaíocht ag príomh-chruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh ach a chuir aighneacht isteach mar chuid den gcomhairliúchán teacht chuig cruinniú an fhoghrúpa.

12 (Reiligiún)

Fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh líon suntasach aighneachtaí faoi reiligiún agus thug breac-chuntas ar na moltaí éagsúla maidir le hathruithe atá le déanamh. Rinneadh plé mionsonraithe ar an gceist: ar chóir scagaire 'sea/ní hea' a chur isteach, an t-ord ina liostáiltear na reiligiúin ar an bhfoirm agus na dúshláin a ghabhann le leibhéal an chleachtais reiligiúnach a ghabháil. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh foghrúpa a bhunú chun comhairle a thabhairt ar cheapadh na ceiste seo i gcomhair tástála sa bhabhta Píolótach agus iarradh ar bhaill uile an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh freastal air nó duine ina n-eagraíocht a ainmniú.

Beart: Beidh cruinniú ag an bhfoghrúpa i mí Eanáir chun cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ceist athbhreithnithe a chur le chéile chun í seo a thástáil sa bhabhta Píolótach. Iarrfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar eagraíochtaí atá gan ionadaíocht ag príomh-chruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh ach a chuir aighneacht isteach mar chuid den gcomhairliúchán teacht chuig cruinniú an fhoghrúpa.

13 (Leanaí a bheirtear ina mbeatha)

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh le tuiscint go bpléifí an cheist mar aon le haighneachtaí a fuarthas faoi thuismitheoireacht roinnte.

14/15 (An Ghaeilge)

Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go mb'fhéidir go rachadh inchomparáideacht i ndeacracht go mór i gcaitheamh ama dá n-athrófaí an cheist reatha chun faisnéis nua a fháil. Chuir an Roinn Cultúir,

Oidhreacht agus Gaeltacht in iúl nach raibh fonn mór orthu formáid reatha na ceiste a athrú. Thug an Roinn le tuiscint áfach, gurbh fhiú an leibhéal cumais Ghaeilge a ghabháil leis, b'fhéidir sa tslí céanna ina ndéantar sa dara chuid de Q15 é.

Beart: Pléifidh an Phríomh-Oifig Staidrimh gabháil an leibhéal cumas Gaeilge go déthaobhach leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltacht.

16/17 (Míchumas)

Cuireadh líon an-mhór aighneachtaí faoi mhíchumas isteach. I mórán aighneachtaí rinneadh tagairt do sraith ghearr ceisteanna Washington. Cé go raibh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais sásta leis an gceist reatha faoi mhíchumas mhol sé go bhféadfaí cuid de shraith Washington a sníomh isteach sa cheist, go háirithe trí chatagóir freagartha (m.sh. No difficulty, Yes a little difficulty, Yes a lot of difficulty). Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis an scagaire i Q17 a bhaint. Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh in iúl go gcuirfí duine sa chatagóir 'faoi mhíchumas' dá mbeadh tic i mbosca 'Sea' ar bith i Q 16 nó 17. Comhaontaíodh go ndéanadh foghrúpa athbhreithniú ar na ceisteanna faoi mhíchumas. Iarradh ar bhaill an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh a bheith rannpháirteach sa bhfoghrúpa, é sin, nó ionadaí óna n-eagraíocht a ainmniú chuig an gcruinniú i mí Eanáir.

Beart: Beidh cruinniú ag an bhfoghrúpa i mí Eanáir chun cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ceist athbhreithnithe a chur le chéile chun í seo a thástáil sa bhabhta Píolótach. Iarrfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar eagraíochtaí atá gan ionadaíocht ag príomh-chruinniú an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh ach a chuir aighneacht isteach mar chuid den gcomhairliúchán teacht chuig cruinniú an fhoghrúpa.

18 (Sláinte ghinearálta)

Tugadh an cheist sláinte isteach i nDaonáireamh 2011 agus macasamhail den cheist a cuirtear i dTuaisceart Éireann í, rud a éascaíonn anailís uile-oileáin. Thacaigh an Roinn Sláinte go mór leis an cheist a choinneáil. Sa phróiseas comhairliúcháin seo fuarthas roinnt aighneachtaí maidir le dúil sa tobac. Comhaontaíodh go scrúdódh an foghrúpa míchumais an t-ábhar seo.

Beart: Féachfaidh an foghrúpa míchumais ar dhúil sa tobac agus cinnefidh cé acu an cuí nó nach cuí an cheist a chur san áireamh sa bhabhta Píolótach.

19-21 (Ag taisteal chuig an obair, scoil nó coláiste)

Rinneadh roinnt aighneachtaí maidir le taisteal chuig an obair, scoil nó coláiste a bhí ag díriú go mór mór ar phátrúin oibre agus stíleanna beatha atá ag athrú. Mhol an CSO triail a bhaint as na ticbhoscaí a bhaint agus rogha scríobh-isteach a chur ina n-ionad i gcomhair ceisteanna 19 agus 20. Dá thoradh sin d'fhéadfaí a lán spáis bhreise a chur leis agus chabhródh sin oibrithe seal-oibrithe agus a bpátrúin oibre éagsúla a ghabháil.

Bhí imní ann maidir leis an rogha ticbhosca a fhágáil ar lár i Q19 mar d'fhéadfaí mionsonraí a chailliúint maidir leis an difríocht idir bheith ag tiomáint gluaisteáin nó a bheith mar phaisinéir i ngluaisteán. Thug an tÚdarás Náisiúnta Iompair le tuiscint go mbeadh am fillte ón obair, scoil nó coláiste luachmhar, freisin.

Beart: Pléifidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tástáil a dhéanamh ar leaganacha nua de cheisteanna 19 agus 20 go déthaobhach leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

22 (Cúramóirí)

Rinneadh roinnt moltaí leis an gceist faoi chúramóirí lena n-áirítear an focal ‘gan phá’ a bhaint den gceist. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh le tuiscint nach raibh i gceist leis an gceist cúramóirí a fhaigheann pá a ghabháil. Lena chois sin moladh gur chóir an focal ‘fadhb’ a bhaint. I Suirbhé Sláinte na hÉireann in 2015 iarradh ceist faoi chúramóirí leis, agus bhí torthaí an-difriúla air i gcomparáid leis an Daonáireamh. Cheistigh an Phríomh-Oifig Staidrimh cé acu an mbeadh nó nach mbeadh scóip chun an dá cheist a chur ar aon dul lena chéile níos mó. Ar an iomlán b’fhearr leis an ngrúpa an cheist a choinneáil, le tagairt don gcineál duine a dtugtar an cúram dó, b’fhéidir.

Beart: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh comhordú le Cúramóirí Éireann ar fhoclaíocht athbhreithnithe i gcomhair tástála.

24-26 (Oideachas agus Réimse Staidéir)

Ní bhfuarthas aon aighneachtaí ar na ceisteanna seo. Tá an cheist faoi leibhéal oideachais riachtanach faoi reachtaíocht AE ach féachfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fhéidearthacht an méid téacs atá sa cheist a laghdú. Níl an tagairt d’FETAC cuí a thuilleadh. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air seo i dteannta leis an tsli inar féidir foghlaim ar feadh an t-saoil a ghabháil. Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le tuiscint go bhfuil na sonraí a ghabhtar sa cheist faoin Réimse Staidéir luachmhar don Údarás Ardoideachais agus Solas agus gur chóir é a choinneáil in 2021.

Beart: Scrúdóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an méid foclaíochta sa cheist faoin leibhéal oideachais agus cuirfidh sí moladh i gcomhair tástála faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh.

27 (Príomhstádas Eacnamaíochta (PES))

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh le tuiscint go ndearnadh tástáil ar fhoireann catagóirí ILO i mbabhta pólótach roimhe seo agus nár éirigh go maith leis. Rinneadh tástáil i mbabhta Daonáirimh 2009 ar an dara stádas eacnamaíochta a ghabháil agus níor éirigh go maith leis ansin ach an oiread. Mar sin féin phléigh an grúpa an luach atá le stádais mheasctha a thaifeadadh agus an fhéidearthacht faisnéis ar shocruithe oibre ar nós na heacnamaíochta gig a bhailiú. Mheabhraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais go bhfuil tábhacht ag baint le leanúnachas na sraithe ama.

Beart: Scrúdóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an fhéidearthacht PES measctha/déach a ghabháil agus cuirfidh sí an scéal faoi bhráid an ghrúpa arís.

29 (Stádas Fostaíochta)

Ceist faoi rialúchán AE í seo a thuigtear go maith agus a sholáthraíonn sonraí láidre.

Beart: Coinneoidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an cheist seo i nDaonáireamh 2021

30-32 (Slí bheatha agus Tionscal)

Rinne an grúpa athbhreithniú ar cheisteanna 20 agus 30. Tá an dá cheann riachtanach faoi rialúcháin AE. Moladh go bhféadfaí an líon samplaí atá liostáilte sa chur síos ar cheist 30 a laghdú chun slí a dhéanamh. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh leis, ar an rogha heicteáir i gceist 30 ó thaobh ábharthachta de. Baineadh úsáid aisti áfach, d'fhonn feirmeoireacht a shocrú mar shlí bheatha le linn próiseáil daonáirimh in 2016.

Beart: Féachfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fhormáid nua a chur ar cheisteanna agus cuirfidh sí an scéal faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh arís.

34 (Seoladh áit oibre srl.)

Leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh uirthi ag gabháil áit oibre, scoile agus coláiste i nDaonáireamh 2021 mar is príomhshonraí iad maidir le planáil iompair. Phléigh an grúpa an fhéidearthacht ceist a chur leis ar mhinicíocht agus modh soláthar cúraim leanaí anseo agus an bhféadfaí nó nach bhféadfaí faisnéis bhreise a ghabháil ar shocruithe oibre solúbtha nó páirtaimseartha. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh le tuiscint go mb'fhéidir go bhfuil suirbhéanna teaghlaigh níos iomchuí chun cuid de na sonraí a bhailiú.

Beart: Fiosróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh cé acu an rogha nó nach rogha iad suirbhéanna teaghlaigh chun sonraí ar chúram leanaí agus/nó obair sholúbtha a ghabháil. Féachfar leis, ar na hábhair seo a chur san áireamh i gceistiúchán bhabhta Phíolótaigh i gcomhair a dtástála.

Daoine as láthair

Éascaíonn na ceisteanna faoi dhaoine as láthair tiomsú sonraí ar bhonn gnáthchónaithe don bPríomh-Oifig Staidrimh. Mhol an Phríomh-Oifig Staidrimh go scrúdódh sí cé chomh fiúntach agus atá sé an 4^ú duine as láthair a fhágáil ar lár chomh maith le ceist A8 d'fhonn ceist ar náisiúntacht an duine as láthair a chur san áireamh de réir mar a d'iarr rannóg staitisticí na Príomh-Oifige Staidrimh.

Beart: Fiosróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh é seo agus cuirfidh faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh arís é.

Aighneachtaí eile a pléadh

Taisceadán todhchaí

Phléigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an fhéidearthacht taisceadán todhchaí a chur san áireamh ar leathanach 23 na foirme Daonáirimh chun teachtaireacht a thabhairt do ghlúine amach anseo. Bhí plé déanta air seo go himheánach roimhe seo agus d'fhéadfaí féachaint air seo má tá spás ann. Ní féidir a rá an bhfuil luach staitistiúil ag baint leis seo, áfach.

Bearta: Fiosróidh an Phríomh-Oifig Staidrimh an scéal leis, i gcomhthéacs spáis ar an bhfoirm agus cuirfidh faoi bhráid ghrúpa é

Saorálaithe

Bhí líon mór aighneachtaí ann ar obair dheonach agus braitheadh gur chóir cuimhneamh ar

athbheochan na ceiste a fhiosrú go domhain.

Bearta: Féachfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar an bhféidearthacht tástáil a dhéanamh sa bhabhta píolótach.

Tuismitheoireacht roinnte

Fuarthas roinnt aighneachtaí i réimse na tuismitheoireachta roinnte agus maidir le bealach a chur ar fáil ar an bhfoirm Dhaonáirimh do thuismitheoirí nach bhfuil ina gcónaí san áit céanna chun a ngaol lena leanaí a chur in iúl. Pléadh ábhar leanaí a rugadh ina mbeatha ina chuid den bplé seo. Rinne an grúpa plé faoi spás a thabhairt ar an bhfoirm chun an rud seo a thaifeadadh agus cé acu an féidir nó nach féidir meaitseáil staitistiúil a dhéanamh idir leanaí agus a dtuismitheoirí agus cé acu arbh fhiú nó nárbh fhiú an fhaisnéis seo a ghabháil gan an beart seo a dhéanamh.

Bearta: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh tuilleadh fiosraithe agus cuirfidh sí moltaí faoi bhráid an ghrúpa arís ag an chéad chruinniú eile

Claonadh Gnéis

Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh an t-ábhar isteach trí eispéiris i dtíortha eile maidir le ceist ar chlaonadh gnéis a thástáil a mhíniú. Ansin pléadh na deacrachtaí a bhaineann le ceist ar chlaonadh gnéis a chur i bhfoirm a chomhlánaítear trí athróg ionadach agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Daonáireamh seachas suirbhé ina ionstraim chuí chun an cheist seo a thabhairt isteach.

Sa phlé grúpa chuir an Coimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais an cheist ar an bPríomh-Oifig Staidrimh cathain a dtabharfaidís aghaidh ar an gceist faoi chlaonadh gnéis a thabhairt isteach agus go gcaithfear é seo a dhéanamh uair éigin. Rinneadh plé ar an t-ábhar a chur san áireamh i suirbhéanna eile cosúil leis an suirbhé ar Shláinte Éireann agus an tástáil Daonáirimh Thuaisceart Éireann. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh le tuiscint gur dóigh léi gur chuí ceist ar an ábhar seo a thabhairt isteach i suirbhé sóisialta sula gcuirtear isteach sa Daonáireamh í.

Bearta: Gheall an Phríomh-Oifig Staidrimh obair leantach a dhéanamh air seo agus é a chur faoi bhráid an ghrúpa arís.

An t-Eolas is deireanaí: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist ar chlaonadh gnéis a thástáil ina cuid suirbhéanna teaghlaigh in 2018.

Féiniúlacht inscne

Lean an plé ar aghaidh chuig ábhar ar leith na féiniúlachta inscne agus cumas daoine nach féidir ionannú tríd an aicmiú dénártha atá á úsáid faoi láthair. Thug an Phríomh-Oifig Staidrimh cuntas ar eispéiris i dtíortha eile ina ndearnadh tástáil ar chuir chuige éagsúla. Phléigh an grúpa na féidearthachtaí éagsúla lena n-áirítear catagóirí breise a chur leis lena n-áirítear ‘other’, ‘intersex’ agus an t-aicmiú dénártha a choinneáil ach a chur in iúl go marcáiltear an dá chatagóir nó gan ceachtar díobh a mharcáil chun féinionannú mar inscne neamh-dhénártha.

Mhol an Roinn Gnóthaí Leanaí agus Óige an tríú catagóir a thástáil sa bhabhta Píolótach. Dhírigh an

Phríomh-Oifig Staidrimh aird ar mhéid bheag an bhabhta Phíolótaigh agus go mb'fhéidir gur deacair anailís a dhéanamh ar na torthaí dá bharr, go háirithe toisc gan sonraí comparáide a bheith ar fáil, agus go mb'fhéidir gurbh fhearr ceist faoi inscne neamhdhénártha a thástáil i suirbhé teaghlaigh.

Bearta: Gheall an Phríomh-Oifig Staidrimh obair leantach a dhéanamh air seo agus é a chur faoi bhráid an ghrúpa arís.

An t-Eolas is deireanaí: Déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ceist ar fhéiniúlacht inscne a thástáil ina cuid suirbhéanna teaghlaigh in 2018.

Aighneachtaí breise

Dhírigh an Phríomh-Oifig Staidrimh aird ar roinnt ábhar ar fuarthas aighneachtaí orthu agus ar mhol sí ina dtaobh nach raibh siad oiriúnach don bhfoirm Dhaonáirimh i gcomhthéacs srianta spáis.

Orthu siúd bhí tuairimí polaitiúla, líon peataí, seirbhís mhíleata, tomhaltas cultúir, deonú orgán, cearrbhachas, úinéireacht an dara thigh, ioncam agus uimhir PSP.

Níor thacaigh an grúpa le cuimsiú na n-ábhar seo ar fhoirm an Daonáirimh.

Rinneadh plé gairid ar cheist faoi aláram deataigh a chur san áireamh. Measadh gur chuir tagairt do thástáil na n-aláram le castacht na gceisteanna a bhí molta sna haighneachtaí. Níl Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann ag cuimhneamh ar cheist a chur san áireamh ina Daonáireamh féin.

Ag deireadh an phríomhphlé dúirt an tÚdarás Náisiúnta Míchumais go raibh deacrachtaí ag roinnt daoine an fhoirm reatha a chomhlánú de dheasca dearadh na foirme agus go raibh sí sásta cabhrú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh feabhsuithe a dhéanamh. Chuir Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann in iúl go bhfuil sí ag leanúint uirthi ag obair ar ábhar i gcomhair 2021 lena n-áirítear cuimhneamh ar cheist faoi áiteanna páirceála tiomnaithe d'áitribh faoi bhaill luchtaithe d'fheithiclí.

Chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh deireadh leis an trí chur in iúl go ndéanfaidh sí obair leantach ar na hiarratais freastalaithe a ainmniú sna foghrúpaí ar reiligiún, eitneacht agus míchumas. Reáchtálfar cruinniú leantach an Ghrúpa Chomhairligh Daonáirimh ar an 21 Feabhra ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i Sórd.